C/2024/1917

29.2.2024

**Réamhfhógra faoi chomhchruinniú**

**(Cás M.11378 - SFH / EXISTING SHAREHOLDERS / ARGAL) Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe**

**(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)**

(C/2024/1917)

1. An 20 Feabhra 2024 fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— Smithfield Foods Holding Limited ('SFH', an Ríocht Aontaithe), ar le Smithfield Group (na Stáit Aontaithe) é;

— Manusian Family, S.L., Guembox Inversiones, S.L., Jordi Xavier Cagigós Negre agus Antonio Cordero (le chéile, na 'Scairshealbhóirí atá ann cheana', ar as an Spáinn iad go léir), agus

— Argal Alimentación, S.A, ('Argal', an Spáinn).

Gheobhaidh SFH agus na Scairshealbhóirí atá ann cheana rialú comhpháirteach, de réir bhrí Airteagail 3(1)(b) agus 3(4) den Rialachán um Chumaisc, ar Argal.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is cuideachta shealbhaíochta é SFH atá mar chuid den Smithfield Group, ar grúpa bia é atá gníomhach san Aontas Eorpach go príomha sna gníomhaíochtaí seo a leanas: (i) feoil phróiseáilte a tháirgeadh agus a dhíol; agus (ii) feoil úr a tháirgeadh agus a dhíol;

— Is infheisteoirí nó meáin infheistíochta iad na Scairshealbhóirí atá ann cheana nach mbaineann aon ghníomhaíocht tráchtála eile leo seachas bainistíocht Argal;

— Tá Argal agus a fhochuideachtaí gníomhach go príomha i dtáirgeadh táirgí feola próiseáilte sa Spáinn agus sa Fhrainc, agus díolann siad na táirgí sin ar fud fhormhór an Aontais.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le cóireáil shimplithe le haghaidh comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúlacha a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.11378 - SFH / EXISTING SHAREHOLDERS / ARGAL

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála seo thíos:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 160, 5.5.2023, lch. 1.

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË